Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 4 Meitheamh 2025
(OR. en)

9615/25

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0091 (BUD)**

FIN 609
PE-L 22

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1 a ghabhann le buiséad ginearálta 2025: Barrachas ón mbliain airgeadais 2024 a iontráil |

1. An 9 Aibreán 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1 a ghabhann le buiséad ginearálta 2025 maidir le buiséadú an bharrachais a eascraíonn ó chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain 2024[1].

2. Tar éis cur chun feidhme na bliana airgeadais 2024, tá *barrachas* EUR 1 344.53 milliún a eascraíonn ón méid a leanas:

   (a) olltoradh deimhneach *sa chuid sin den bhuiséad a bhaineann le hioncam* (+EUR 1 071.99 milliún) mar a leanas:

   - Teideal 1 (Acmhainní dílse): -EUR 123.13 milliún
   - Teideal 2 (Barrachais, iarmhéideanna agus coigeartuithe): + EUR 36.19 milliún
   - Teideal 3 (Ioncam riaracháin): + EUR 83.78 milliún

[1] 7817/25.

- Teideal 4 (Ioncam airgeadais, ús mainneachtana agus fíneálacha): +EUR 1 210.71 milliún

- Teideal 6 (Ioncam, ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí a bhaineann le beartais an Aontais): -+ EUR 135.55 milliún

(b) cur chun feidhme easnamhach ó thaobh chaiteachas an bhuiséid de (- EUR 272.54 milliún), go háirithe:

- leithreasuithe a údaraíodh i mbuiséad 2024 (an Coimisiún agus institiúidí eile): -EUR 77.84 milliún

- leithreasuithe a tugadh anonn ó bhlianta roimhe sin (an Coimisiún agus institiúidí eile): -EUR 151.06 milliún

- athruithe sa ráta malartaithe ar chaiteachas: -EUR 43.63 milliún

Le buiséadú an bharrachais sin, laghdófar dá réir ranníocaíocht fhoriomlán na mBallstát le maoiniú bhuiséad an Aontais in 2025.

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2025 ag an gcruinniú a bhí aige an 10 Aibreán 2025 agus bhí sé in ann glacadh leis gan aon athrú.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

- an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1/2025, mar a leagtar amach i bpointe 3 é, a ghlacadh;

- treoir a thabhairt don Uachtaránacht na doiciméid bhuiséadacha atá le cur chuig Parlaimint na hEorpa a ullmhú agus, chuige sin, an dréachtlitir san Iarscríbhinn a fhormheas; agus

- an Cinneadh ón gComhairle lena nglactar an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2025, mar a leagtar amach in 9617/25 é, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHTLITIR

ó : Uachtarán na Comhairle

chuig : Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

A Uachtaráin,

Cuirim chugat an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 1 don bhliain airgeadais 2025[2], a ghlac an Chomhairle an 16 Meitheamh 2025, i ndoiciméad ar leithligh.

(Clabhsúr dea-mhéine).

---

[2] 9619/25 + ADD 1.